

SIAMSÁN SA MBAILE!

Beathadán Éan

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Sa Bhaile' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Lean na treoracha atá luaite thíos le Beathadán Éan a dhéanamh le crochadh 'Sa Bhaile'!

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 3 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Beathadán Éan

Ábhar

- Rolla folamh páipéar leithris/cistine
- Píosa sreangáin
- Im piseanna talún
- Scian ime
- Síolta
- 2 chipín adhmaid

Modh

1. Faigh do rolla páipéar leithris agus cur dhá pholl beag ar a bharr, chun an sreangán a chur tríd. Cuir cloigeann amháin den sreangán tríd an bpoll agus cuir snaidhm air. Déan an rud céanna ar an taobh eile, an sreangán a chur tríd an bpoll agus snaidhm a chur air. Seiceáil anois an bhfuil tú in ann an rolla a chrochadh suas ag úsáid an tsreangáin.
2. Anois teastaíonn ceithre pholl in íochtar. Beidh ort seastán a dhéanamh do na héin. Déan an poll sách mór, go mbeidh an 2 chipín in ann dul tríd. Déan dhá pholl ar aghaidh a chéile go mbeidh cipín amháin in ann dul díreach tríd. Anois ar an taobh eile den rolla déan 2 pholl eile ar aghaidh a chéile freisin, beagáinín níos airde ná na poill eile. Ba cheart go mbeadh na cipíní in ann dul tríd gan aon stró anois.
3. Bain amach na cipíní arís. Leis an scian, scar an t-im piseanna talún timpeall ar an rolla uilig.
4. Ansin, greamaigh na síolta don im piseanna talún. Is féidir iad a leathadh ar phláta agus an rolla páipéar atá clúdaithe le him piseanna talún a rolladh thart ann. Clúdaigh an t-im uilig le síolta. Bíonn ocra ar na héin!
5. Cuir na cipíní tríd na poill arís agus pioc áit éigin taobh amuigh chun an beathadán éan a chrochadh ann.
6. Bí ag faire ar na héin ag teacht chun féasta!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta